BREITHIÚNAS NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS (an Tríú Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – An limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Comhbheartas maidir le tearmann – Treoir 2011/95/AE – Cáilitheacht náisiúnach tríú tír mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta – Airteagal 2(d) agus (e) – An coincheap 'gníomhartha géarleanúna' – Leibhéal tromchúise atá ag teastáil – Airteagal 9 – Carnadh beart idirdhealaitheacha in aghaidh na mban atá tromchúiseach go leor – Airteagal 9(1)(b) – Cineálacha gníomhartha géarleanúna – Airteagal 9(2) – Measúnú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta – Airteagal 4(3) – Oibleagáid chun measúnú aonair a dhéanamh – Raon feidhme)

I gCásanna uamtha C-608/22 agus C-609/22,

IARRATAÍ ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, An Ostair), trí bhreith an 14 Meán Fómhair 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 22 Meán Fómhair 2022, sna himeachtaí

AH (C-608/22),

FN (C-609/22)

i gcoinne

Bundesamt für Fremdenwesen und Asyl,

tugann AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta de K. Jürimäe, Uachtarán Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, ag gníomhú mar Bhreitheamh den Triú Dlísheomra, N. Piçarra (Rapóirtéir), N. Jääskinen agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– AH, ag N. Lorenz, Rechtsanwältin,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

– FN, ag S. Moschitz-Kumar, Rechtsanwältin,

– Rialtas na hOstaire, ag A Posch, J. Schmoll agus M. Kopetzki, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Beilge, ag M. Jacobs, A. Van Baelen agus M. Van Regemorter, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Spáinne, ag A. Gavela Llopis agus A. Pérez-Zurita Gutiérrez, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Fraince, ag B. Fodda, agus J. Illouz, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Azéma agus J. Hottiaux agus H. Leupold, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 9 Samhain 2023

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 9(1)(a) agus (b) de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar (IO 2011 L 337, lch. 9).

2 Rinneadh na hiarrataí seo in imeachtaí idir AH agus FN, faoi seach, sa Bundesamt für Fremdenwesen und Asyl (Oifig Fheidearálach um Inimirce agus Tearmann, an Ostair) maidir le dlíthiúlacht chinntí na cúirte sin lenar diúltaíodh dá n-iarrataí ar aitheantas a thabhairt dá stádas dídeanaí.

An dlí

An dlí idirnáisiúnta

Coinbhinsiún na Ginéive

3 Faoi Airteagal 1(A)(2) den Choinbhinsiún maidir le Stádas Dídeanaithe, arna shíniú sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 [Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe, Iml. 189, lch. 150, Uimh. 2545 (1954)], a tháinig i bhfeidhm an 22 Aibreán 1954 agus a forlíonadh leis an bPrótacal i dtaobh Stádas Dídeanaithe, a tugadh i gcrích i Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967, a tháinig i bhfeidhm an 4 Deireadh Fómhair 1967 (‘Coinbhinsiún na Ginéive’),

‘Go mbeidh feidhm ag an téarma ‘dídeanaí’ maidir le haon duine atá lasmuigh den tír dar náisiúnach é [a] bhfuil eagla roimh ghéarleanúint air, agus bunús maith léi, ar chúiseanna maidir le cine, reiligiún, náisiúntacht, ballraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe nó tuairimí polaitiúla, agus nach féidir nó, mar gheall ar an eagla sin, nach mian leis cosaint na tíre sin a éileamh; [...]’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

CIBD

4 Leagtar amach an méid seo a leanas faoi Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú ('CIBD'), a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979, a tháinig i bhfeidhm an 3 Meán Fómhair 1981 (Na Náisiúin Aontaithe, Sraith na gConarthaí, Imleabhar. 1249, Uimh. I-20378, lch. 13) agus ina bhfuil na Ballstáit go léir páirteach,

'Chun críocha an Choinbhinsiúin [seo], tagraíonn an abairt "idirdhealú in aghaidh na mban" d'aon idirdhealú, eisiamh nó srian ar fhorais inscne a bhfuil an éifeacht nó an cuspóir aige an t-aitheantas a chur i mbaol nó a scriosadh, mná a theachtadh nó a chleachtadh, gan beann ar a stádas pósta, ar bhonn an chomhionannais idir fir agus mná, ar bhonn chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha i réimsí polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus sibhialta nó in aon réimse eile.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 3 den Choinbhinsiún sin go ndéanfaidh na Stáit is páirtithe gach beart is iomchuí i ngach réimse, go háirithe sna réimsí polaitíochta, sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha, lena n-áirítear forálacha reachtacha, chun forbairt iomlán agus dul chun cinn na mban a áirithiú ionas go ráthófar feidhmiú agus teachtadh chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha dóibh ar bhonn comhionann leis na fir.

6 I gcomhréir le hAirteagal 5 den Choinbhinsiún sin, déanfaidh na Stáit is páirtithe gach beart is iomchuí, go háirithe chun athrú a dhéanamh ar na haistí agus na patrúin iompraíochta shoch-chultúrtha atá ag fir agus mná d'fhonn go mbainfí amach díothú claontachtaí agus gnásanna, nó aon chineál cleachtais eile, atá bunaithe ar an smaoineamh go bhfuil ceann de na gnéis níos fearr nó níos measa ná an ceann eile nó ar ról steiréitíopach ag fir agus mná.

7 De réir Airteagail 7, 10 agus 16 den Choinbhinsiún céanna, déanfaidh na Stáit is páirtithe gach beart is iomchuí chun idirdhealú in aghaidh na mban i réimsí polaitíochta agus poiblí na tíre a dhíothú maidir leis an oideachas agus le gach ceist a eascraíonn as an bpósadh agus as an gcaidreamh teaghlaigh.

Coinbhinsiún Iostanbúl

8 I gcomhréir le hAirteagal 1 de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chosc agus a chomhrac, a tugadh i gcrích in Iostanbúl an 11 Bealtaine 2011, a shínigh an tAontas Eorpach an 13 Meitheamh 2017, a formheasadh thar ceann an Aontais Eorpaigh le Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 (IO 2023 L 143 I, lch. 4) ('Coinbhinsiún Iostanbúl'), agus a tháinig i bhfeidhm, maidir leis an Aontas, an 1 Deireadh Fómhair 2023, tá sé de chuspóir aige, go háirithe, mná a chosaint ar gach cineál foréigin agus foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc, a ionchúiseamh agus a dhíothú, rannchuidiú le deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh na mban agus comhionannas substainteach idir mná agus fir a chur chun cinn, lena n-áirítear trí mhná a chumhachtú.

9 Sonraítear le hAirteagal 3 den Choinbhinsiún sin, chun críocha a chur i bhfeidhm, go dtuigtear gurb é atá i gceist le 'foréigean in aghaidh na mban' sárú chearta an duine agus cineál idirdhealaithe in aghaidh na mban, agus go gciallóidh sé gach gníomh foréigin inscnebhunaithe arb é an toradh air nó an toradh a d'fhéadfadh a bheith air, dochar nó fulaingt fhisiciúil,

ghnéasach, shíceolaíoch nó eacnamaíoch do mhná, lena n-áirítear bagairtí go ndéanfaí gníomhartha mar sin, comhéigean nó saoirse a bhaint go treallach, bíodh sé sin sa saol poiblí nó sa saol príobháideach.

10 Foráiltear le hAirteagal 4(2) den Choinbhinsiún sin:

‘Cáineann na páirtithe gach cineál idirdhealaithe in aghaidh na mban agus glacfaidh siad, gan mhoill, na bearta reachtacha agus na bearta eile is gá chun é a chosc, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

– prionsabal an chomhionannais idir mná agus fir a chur ina mbunreachtanna náisiúnta nó ina reachtaíocht iomchuí eile agus a áirithiú go gcuirfear an prionsabal sin i ngníomh go héifeachtach;

– idirdhealú in aghaidh na mban a thoirmeasc, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as smachtbhannaí, i gcás inarb iomchuí;

– deireadh a chur le dlíthe agus cleachtais a dhéanann idirdhealú in aghaidh na mban.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Léitear Airteagal 60(1) de Choinbhinsiún Iostanbúl mar seo a leanas:

‘Déanfaidh na Páirtithe na bearta reachtacha nó na bearta eile ionas go bhféadfaí an foréigean in aghaidh na mban atá inscnebhunaithe a aithint mar chineál géarleanúna de réir bhrí Airteagal 1 [roinn] A, [mír 2] de [Choinbhinsiún na Ginéive] agus mar chineál tromchúiseach dochair as a n-eascraíonn cosaint bhreise/choimhdeach.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí an Aontais

Treoir 2011/95

12 Leagtar amach an méid seo a leanas in aithrisí 4 agus 16 de Threoir 2011/95:

‘(4) Is bunchloch an chórais dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe a chosaint é Coinbhinsiún na Ginéive agus an Prótacal lena mbaineann.

[...]

‘(16) Urramaítear na cearta bunúsacha leis an Treoir seo mar aon leis na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’). Go háirithe, féachtar leis an Treoir seo lena áirithiú go ndéanfar dínit an duine agus ceart chun tearmann na n-iarratasóirí ar thearmann agus a mball teaghlaigh atá á dtionlacan a urramú ina n-iomláine agus féachtar le cur i bhfeidhm Airteagal 1, 7, 11, 14, 15, 16, 18, 21, 24, 34 agus 35 den [Chairt] sin a chur chun cinn, agus dá bhrí sin ba cheart í a chur chun feidhme dá réir. [Aistriúchán neamhoifigiúil]’

13 Léitear Airteagal 2 den Treoir sin, dar teideal ‘Sainmhínithe’, mar seo a leanas:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(d) ciallaíonn ‘dídeanaí’ náisiúnach tríú tír atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de bharr eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar náisiúntacht, ar thuairim pholaitiúil nó ar bhallraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó duine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo ar na cúiseanna sin a luaitear thuas agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach, filleadh ar an tír sin, sa chás gur duine é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 12 maidir leis;

(e) ciallaíonn ‘stádas dídeanaí’ an t-aitheantas a thabharfaidh Ballstát go bhfuil stádas dídeanaí ag gach náisiúnach tríú tír nó duine gan stát;

[...]

(h) ciallaíonn ‘iarratas ar chosaint idirnáisiúnta’ iarratas ó Bhallstát ar chosaint ó náisiúnach tríú tír nó ó dhuine gan stát, rud atá intuigthe amhail go bhfuil stádas dídeanaí nó an stádas arna dheonú le cosaint choimhdeach á lorg aige leis, i gcás nach n-iarrann an t-iarratasóir cineál eile cosanta go sainráite atá lasmuigh de raon feidhme na Treorach seo agus inar féidir leis a bheith ina ábhar d’iarratas ar leith;

(i) ciallaíonn ‘iarratasóir’ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta aige, nach bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta ina leith fós;

[...]

(n) ciallaíonn ‘tír thionscnaimh’ an tír nó na tíortha náisiúntachta nó, i gcás daoine gan stát, an tír nó na tíortha ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]»

14 Foráiltear le hAirteagal 4 den Treoir sin, dar teideal ‘Measúnú ar fhíorais agus ar chúinsí’

‘(1) Féadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil sé de dhualgas ar an iarratasóir an t-ábhar is gá a thaisceadh le bunús a thabhairt lena iarratas, nó lena hiarratas, ar chosaint idirnáisiúnta a luaithe is féidir. Is faoin mBallstát atá sé measúnú a dhéanamh, i gcomhar leis an iarratasóir, ar ghnéithe ábhartha an iarratais.

[...]

(3) Déanfar measúnú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ina aonair agus cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

(a) na fíorais ábhartha go léir a bhaineann leis an tír thionscnaimh tráth a dhéantar rialú ar an iarratas, lena n-áirítear dlíthe agus Rialacháin na tíre tionscnaimh agus faoi mar a chuirtear iad i bhfeidhm;

(b) an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha arna dtíolacadh ag an iarratasóir, lena n-áirítear faisnéis le fionnadh an ndearnadh nó nach ndearnadh géarleanúint nó díobháil thromchúiseach don iarratasóir nó an bhféadfaí nó nach bhféadfaí á déanamh dó;

(c) stádas aonair agus staid phearsanta an iarratasóra, lena n-áirítear tosca amhail a chúlra, a inscne, agus a aois le fionnadh, i bhfianaise staid phearsanta an iarratasóra, an bhféadfaí nó nach bhféadfaí a mheas gurb é atá sna gníomhartha a raibh an t-iarratasóir i mbaol go ndéanfaí dó ná géarleanúint nó díobháil thromchúiseach;'

[...]'

15 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 6 den Treoir sin, dar teideal 'Gníomhaithe géarleanúna nó díobhála tromchúisí':

'd'fhéadfadh seo a leanas a bheith ina ngníomhaithe géarleanúna nó díobhála tromchúisí:

(a) an Stát;

(b) páirtithe nó eagraíochtaí a rialaíonn an Stát nó a rialaíonn cuid shubstaintiúil de chríoch an Stáit;

(c) gníomhaithe neamhstáit, más féidir a léiriú nach bhfuil na gníomhaithe dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b), lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta, in ann nó nach bhfuil siad toilteanach cosaint a thabhairt ar ghéarleanúint nó ar dhíobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 7.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Áirítear le Caibidil III de Threoir 2011/95, dar teideal 'Coinníoll lena meas mar dhídeanaí', Airteagal 9 den Treoir sin, dar teideal 'gníomhartha géarleanúna', lena bhforáiltear an méid seo a leanas:

'(1) Chun go measfar gur gníomh géarleanúna é de réir bhrí Airteagal 1, Roinn (A) de Choinbhinsiún na Ginéive, ní mór do ghníomh:

(a) a bheith tromchúiseach go leor de bharr a chineáil nó de bharr a athdhéanta le bheith ina shárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha an duine, go háirithe na cearta do-mhaolaithe sin a dhéanamh orthu faoi Airteagal 15(2) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint [, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR')]; nó

(b) a bheith ina charnadh bearta éagsúla, lena n-áirítear sáruithe ar chearta an duine atá tromchúiseach go leor chun difear a dhéanamh do dhuine aonair ar bhealach atá cosúil leis an mbealach dá dtagraítear i mír (a).

2. Féadfar gníomhartha géarleanúna, de réir bhrí mhír 1, a bheith den sórt seo leanas:

(a) gníomhartha foréigin fhisicigh nó mheabhraigh, lena n-áirítear gníomhartha foréigin ghnéasaigh;

(b) bearta dlíthiúla, riaracháin, póilíneachta agus/nó breithiúnacha atá idirdhealaitheach iontu féin nó a chuirtear chun feidhme ar bhealach idirdhealaitheach;

(c) ionchúiseamh nó pionós atá díréireach nó idirdhealaitheach;

[...]

(f) gníomhartha a bhaineann go sonrach le hinscne nó le leanaí.'

3. I gcomhréir le hAirteagal 2(d), ní mór baint a bheith ann idir na fáthanna a luaitear in Airteagal 10 agus na gníomhartha géarleanúna de réir mhír 1 den Airteagal seo iad nó an easpa cosanta ar ghníomhartha den sórt sin.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Foráiltear le hAirteagal 10(1)(d) den Treoir sin, dar teideal 'Fáthanna le géarleanúint':

'Cuirfidh na Ballstáit na gnéithe seo a leanas san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar na fáthanna le géarleanúint:

[…]'

(d) measfar gur grúpa sóisialta áirithe é grúpa, go háirithe, sna cásanna seo a leanas:

– go bhfuil ag a bhaill aon saintréith dhúchasach nó cúlra coiteann nach féidir a athrú, nó go bhfuil ag a chuid ball saintréith nó creideamh atá chomh bunúsach sin dá bhféiniúlacht nó dá gcoinsias nár cheart iallach a chur ar dhuine an tsaintréith nó an creideamh sin a thréigean, agus

– go bhfuil ag an ngrúpa sin féiniúlacht ar leithligh sa tír i gceist, toisc go mbraitear go bhfuil sé éagsúil leis an mórshochaí.

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2013/32/AE

18 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 10(3) de Threoir 2013/32/AE an 26 Meitheamh 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60), dar teideal 'Coinníollacha faoina ndéanfar scrúdú ar iarratais'.

'Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údarás cinntitheach cinntí ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta i ndiaidh scrúdú iomchuí. Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go ndéanfar scrúdú ar na hiarratais agus go ndéanfar cinneadh ar bhonn indibhidiúil, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta;

(b) go bhfaighfear faisnéis bheacht chothrom le dáta ó fhoinsí éagsúla amhail [Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO)] agus [Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR)] agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla maidir le cearta an duine, i ndáil leis an staid ghinearálta atá ann i dtíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí [...] agus go mbeidh rochtain ag an bpearsanra atá freagrach as iarratais a scrúdú agus cinntí a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin;

[...]

(d) Go mbeidh deis ag an bpearsanra atá ag scrúdú iarratas agus ag déanamh cinntí comhairle a lorg ó shaineolaithe, más iomchuí, maidir le hábhair áirithe amhail leigheas, cultúr, reiligiún nó ábhair a bhaineann le leanaí nó le hinscne.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]»

Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

19 Is náisiúnach de chuid na hAfganastáine í AH agus rugadh í in 1995. Tar éis gur theastaigh óna hathair í a dhíol, theith sí, in éineacht lena máthair, chun na hIaráine. Tar éis di tréimhse a chaitheamh sa Ghréig ar phós sí lena linn, tháinig sí isteach san Ostair in 2015 agus chuir sí iarratas isteach ar chosaint idirnáisiúnta sa Bhallstát sin, áit a raibh cónaí ar a céile cheana féin.

20 Is náisiúnach de chuid na hAfganastáine í FN agus rugadh í in 2007, nach raibh cónaí uirthi riamh san Afganastáin. In 2020, rinne sí iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san Ostair. Bhain a dheartháir, ar de thionscnamh na hAfganastáine é chomh maith, tairbhe as cosaint choimhdeach ansin cheana féin. Mhaígh sí ina hiarratas gur theith sí ón Iaráin, áit a raibh cónaí uirthi lena máthair agus lena beirt deirfiúracha, agus nach raibh cead cónaithe ag ceachtar acu, rud nár lig di freastal ar scoil agus a chuir cosc ar a máthair a bheith ag obair, agus go raibh saol an duine saor uaithi agus go raibh sí ag iarraidh go mbeadh na cearta céanna aici is atá ag fir.

21 Le cinntí an 26 Márta 2018 agus an 14 Deireadh Fómhair 2020 mheas an Oifig Fheidearálach um Inimirce agus Tearmann, faoi seach, nach raibh insint de chuid AH inchreidte agus nach raibh sí i mbaol géarleanúna i ndairíre san Afganastáin, agus dhiúltaigh an t-údarás sin stádas dídeanaí a aithint dóibh, de réir bhrí Airteagal 2(e) de Threoir Uimh. 2011/95. Dheonaigh an chúirt sin, áfach, stádas cosanta coimhdí ar AH agus FN ar an bhforas, go bunúsach, go gcuirfeadh siad i mbaol deacrachtaí de chineál eacnamaíoch agus sóisialta, in éagmais tacaíocht shóisialta san Afganastáin, i gcás a bhfillte.

22 Rinne AH agus FN araon achomharc i gcoinne an chinnidh lenar diúltaíodh aitheantas a thabhairt dá stádas dídeanaí ós comhair an Bundesverwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin Chónaidhme, an Ostair), lenar mhaigh siad, *inter alia*, gur chloígh siad leis na luachanna agus le stíl mhaireachtála a bhí bunaithe ar na nósanna san Iarthair agus, ar an taobh eile, gur tháinig athrú ar an staid san Afganastáin tar éis chumhacht urghabhála an Talaban i samhradh 2021, ar bhealach go raibh na mná i mbaol géarleanúint fhorleathan anois.

23 Dhiúltaigh an chúirt sin don dá chaingean sin toisc iad a bheith gan bhunús, agus í á mheas, *inter alia*, ag féachaint do dhálaí maireachtála AH agus FN san Ostair, nár ghlac siad stíl mhaireachtála 'ar nós an iarthair', rud a bheadh ina gné atá chomh bunúsach sin dá bhféiniúlacht go mbeadh sé dodhéanta iad a thréigean chun éalú ó bhagairtí géarleanúna ina dtír thionscnaimh.

24 Rinne AH agus FN araon achomharc ar phointe dlí faoi bhráid an Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, an Ostair), arb í an chúirt a rinne an tarchur, ag maíomh arís go raibh údar stádas dídeanaí a dheonú dóibh, mar gheall ar staid na mban faoi réimeas an Talaban.

25 I ndáil leis sin, cuireann an Chúirt sin in iúl go raibh na mná is náisiúnaigh de chuid na hAfganastáine ina mbaill de 'ghrúpa sóisialta áirithe' de réir bhrí Airteagal 10(1)(d) de Threoir 2011/95 agus go bhfuil nasc idir an bhforas géarleanúna dá dtagraítear san fhoráil sin agus na 'gníomhartha géarleanúna' lena bhféadfadh na mná sin a chur i mbaol, mar a cheanglaítear le hAirteagal 9(3) den Treoir sin.

26 Meabhraíonn an chúirt sin gur chinn sí, tráth réimeas an Talaban a bhí ann idir 1996 agus 2001, nach mór staid na mban san Afganastáin, ina hiomláine, a cháiliú mar staid atá tromchúiseach go leor chun a mheas gur géarleanúint de réir bhrí Choinbhinsiún na Ginéive iad na bearta idirdhealaitheacha a díríodh orthu féin. Dá réir sin, faoin tráth sin, níor tugadh cosaint idirnáisiúnta don iarratasóir ach amháin mar gheall ar a cáil mar bhean de chuid na hAfganastáine.

27 Tar éis titim réimeas an Talaban a bhí ann roimhe sin, chuir an chúirt sin in iúl gur rinne sí a cásdlí a leasú sa chaoi go bhféadfadh mná atá i mbaol géarleanúna mar gheall ar 'glacadh stíl mhaireachtála atá bunaithe ar na nósanna san Iarthair', a bhí chomh bunriachtanach sin dá bhféiniúlacht nach bhféadfaí a cheangal orthu é a thréigean chun éalú ó bhagairt géarleanúna, tairbhe a bhaint as stádas dídeanaí, nach mór measúnú den sórt sin a bheith bunaithe ar scrúdú sonrach ar imthosca an cháis. Measann an chúirt sin, áfach, maidir leis na bearta a ghlac an Talaban i gcoinne na mban, ó tháinig siad i gcumhacht arís, go mbaineann siad le hidirdhealú, foréigean gnéasach nó le marú, atá ar scála atá inchomparáide le scála na mbeart arna gcur i bhfeidhm ag an réimis a bhí ann roimhe seo.

28 Sa chomhthéacs nua sin, féachann an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, lena chinneadh an bhfuil na bearta a ghlac an Talaban i gcoinne na mban chomh tromchúiseach sin gur féidir iad a cháiliú mar 'ghníomh géarleanúna' de réir bhrí Airteagal 9(1) de Threoir 2011/95. Tugann sí dá haire, cé nach ionann na bearta uile sin, arna nglacadh ar bhonn aonair, agus sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha, go háirithe an ceart nach féidir maolú a dhéanamh air faoi Airteagal 15(2) de ECHR agus, mar sin, nach dtagann siad faoi réir Airteagal 9(1)(a) den Treoir sin. Iarrann sí cibé an bhfuil na bearta sin, ina iomláine, tromchúiseach go leor de réir bhrí Airteagal 9(1) (b) den Treoir sin.

29 Ar an dara dul síos, iarrann an chúirt a rinne an tarchur cibé an féidir le bean de chuid na hAfganastáine a bheith ina tairbhí de stádas dídeanaí, de réir bhrí Airteagal 2(e) de Treoir 2011/95 gan scrúdú aonair a dhéanamh ar a cás.

30 Sna himthosca sin, chinn an Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An gcaithfear a mheas go bhfuil carnadh beart arna nglacadh, arna dtacú nó arna gcur suas leo i Stát ag gníomhaí rialtais *de facto* agus arb é atá iontu go háirithe, maidir le mná,

– go ndiúltaítear dóibh a bheith rannpháirteach in oifig pholaitiúil agus i bpróisis chinnteoireachta pholaitiúla,

– nach gcuirtear aon mhodh dlíthiúil ar fáil dóibh chun cosaint a fháil ar fhoréigean inscnebhunaithe agus ar fhoréigean baile,

– go bhfuil siad go ginearálta i mbaol póstaí éigeantais; cé go bhfuil siad toirmiscthe ag gníomhaí rialtais *de facto*, ní thugtar cosaint éifeachtach do mhná i gcoinne póstaí éigeantais agus uaireanta déantar póstaí den sórt sin le rannpháirtíocht gníomhaithe rialtais *de facto* ar an eolas gur pósadh éigeantais é,

– nach bhfuil cead acu oibriú i bhfostaíocht shochrach nó nach gceadaítear dóibh déanamh amhlaidh ach go pointe teoranta, sa bhaile go príomha,

– go bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar saoráidí sláinte,

– go ndiúltaítear rochtain dóibh ar oideachas (mar shampla trí oideachas bunscoile amháin a cheadú do chailíní) go hiomlán nó den chuid is mó,

– nach bhfuil cead acu a bheith amuigh nó bogadh thart go poiblí gan fear a bheith in éineacht leo (a chaithfidh caidreamh teaghlaigh áirithe a bheith aige leo) nó, ar a mhéad, nach bhfuil cead acu é sin a dhéanamh ach achar áirithe ón mbaile,

– go gcaithfidh siad a gcorp agus a n-aghaidheanna a chlúdach go hiomlán go poiblí,

– nach féidir leo páirt a ghlacadh in aon spóirt,

i gcomhréir le hAirteagal 9(1)(b) de [Threoir 2011/95], dian go leor chun go ndéanfaidh siad difear do bhean ar an gcaoi a leagtar síos in Airteagal 9(1)(a) den Treoir sin?

(2) An leor, chun [stádas tearmainn] a dheonú, go ndéanann na bearta sin sa tír thionscnaimh difear do bhean ar bhonn a hinscne amháin, nó an bhfuil sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar a cás aonair d'fhonn a chinneadh an ndéanann na bearta sin – atá le cur san áireamh ina n-iomláine – difear de réir bhrí Airteagal 9(1)(b) de Threoir [2011/95]?'

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

31 Leis an gcéad cheist uaithi, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, cibé ar cheart Airteagal 9(1)(b) de Treoir 2011/95 a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'gníomh géarleanúna' carnadh bearta idirdhealaitheacha, in aghaidh na mban, arna nglacadh nó arna seasamh ag 'gníomhaí géarleanúna' de réir bhrí Airteagal 6 den Treoir sin, arb é atá i gceist leis, *inter alia*, an chosaint dhlíthiúil ar fad ar fhoréigean inscnebhunaithe, ar fhoréigean teaghlaigh agus ar phósadh éigeantais a bhaint díobh, iallach a chur orthu iad féin a chumhdach go hiomlán leis an gcorp agus leis an duine, rochtain ar chúram sláinte agus an tsaoirse chun teacht agus imeacht a shrianadh, toirmeasc a chur orthu gníomhaíocht ghairmiúil a dhéanamh nó a shrianadh, toirmeasc a chur orthu rochtain a fháil ar oideachas agus ar spórt agus iad a eisiamh ón saol polaitiúil.

32 Dar le hAirteagal 2(d) de Threoir 2011/95, atá ar comhfhocal le hAirteagal 1(A)(2) de Choinbhinsiún na Ginéive, sainmhínítear ‘dídeanaí’, mar gach náisiúnach tríú tír atá lasmuigh den tír dar náisiúnach é, toisc go bhfuil eagla air, agus bunús maith léi, roimh ghéarleanúint ar chúiseanna maidir le cine, reiligiún, náisiúntacht, tuairimí polaitiúla nó baint le grúpa sóisialta áirithe, agus nach féidir nó, mar gheall ar an eagla sin, nach mian leis cosaint na tíre sin a éileamh. Le hAirteagal 2(e) den Treoir sin, déantar ‘stádas dídeanaí’ a shainmhíniú mar an t-aitheantas a thabharfaidh Ballstát go bhfuil stádas dídeanaí ag gach náisiúnach tríú tír nó duine gan stát.

33 Dá bhrí sin, ní mór léiriú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2011/95, ní hamháin i bhfianaise leagan amach ginearálta agus cuspóir na Treorach sin, ach i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive – arb ionann é, mar a leagtar amach in aithris 4 den Treoir sin, agus ‘b(h)unchloch den réim dlí idirnáisiúnta i gcomhair cosaint dídeanaithe’– agus leis na conarthaí ábhartha eile dá dtagraítear in Airteagal 78(1) CFAE chomh maith. Áirítear ar na conarthaí sin, go sonrach, Coinbhinsiún Iostanbúl agus CIBD (breithiúnais an 16 Eanáir 2024, Intervyuirasht organ na DAB pri MS (Mná is íospartaigh foréigin teaghlaigh), C-621/21, EU:C:2024:47, míreanna 37 agus 44 go 47 agus an 11 Meitheamh 2024, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Mná a thacaíonn le luach an chomhionannais inscne), C-646/21, EU:C:2024:487, mír 36).

34 Mar a dheimhnítear in Airteagail 1 agus 3, agus Airteagal 4(2) de Choinbhinsiún Iostanbúl, ciallaíonn comhionannas inscne go háirithe go bhfuil an ceart ag gach bean chun cosaint a fháil ar gach cineál foréigin inscnebhunaithe agus ar phósadh éigeantais, chomh maith le ceart chun creideamh a leanúint nó gan é a leanúint agus chun a tuairimí polaitíochta féin a bheith aici agus iad a nochtadh, agus a rogha saoil féin a dhéanamh, go háirithe maidir le hoideachas, le roghnú gairme nó le gníomhaíochtaí sa saol poiblí. Is amhlaidh atá i gcás Airteagail 3,5,7,10 agus 16 de Choinbhinsiún na Ginéive (breithiúnas an 11 Meitheamh 2024, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Mná a thacaíonn le luach an chomhionannais inscne), C-646/21, EU:C:2024:487, mír 37).

35 Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 60(1) de Choinbhinsiún Iostanbúl go n-aithneofar foréigean inscnebhunaithe in aghaidh na mban, a thuigtear gurb é atá i gceist leis i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir sin, sárú ar chearta an duine agus cineál idirdhealaithe in aghaidh na mban, mar chineál géarleanúna de réir bhrí Airteagal 1(A)(2) de Choinbhinsiún na Ginéive (breithiúnas an 11 Meitheamh 2024, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Mná a thacaíonn le luach an chomhionannais inscne), C-646/21, EU:C:2024:487, mír 55).

36 Ní mór léiriú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2011/95 freisin, mar a leagtar amach in aithris 16, i gcomhréir leis na cearta a aithnítear sa Chairt, ar chuireann an Treoir sin cur chun feidhme de chun cinn, agus ar chuirtear cosc ar gach cineál idirdhealaithe inscnebhunaithe in Airteagal 21(1) (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Eanáir 2021, Bundesrepublik Deutschland (Stádas dídeanaí duine gan stát de thionscnamh Pailistíneach), C-507/19, EU:C:2021:3, mír 39 an 9 Samhain 2023, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Coincheap na díobhála tromchúisí), C-125/22, EU:C:2023:843, mír 60 agus an 11 Meitheamh 2024, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Mná a thacaíonn le luach an chomhionannais inscne)(C-646/21, EU:C:2024:487, mír 38).

37 Ar an dara dul síos, sainmhínítear le hAirteagal 9 de Threoir 2011/95 na gnéithe lena gceadaítear gníomhartha a mheas mar ghéarleanúint de réir bhrí Airteagal 1(A) de Choinbhinsiún na Ginéive. Soiléirítear le hAirteagal 9(1)(a) den Treoir sin nach mór an ghníomh lena bhaineann a bheith tromchúiseach go leor de bharr a chineáil nó de bharr a athdhéanamh le bheith ina shárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha an duine, go háirithe na cearta sin nach féidir maolú a

dhéanamh orthu i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de ECHR, i.e. ceart an duine chun na beatha (Airteagal 2), an ceart chun saoirse ó chéasadh agus ó íde mhídhaonna nó tháireach (Airteagal 3), ó sclábhaíocht (Airteagal 4(1)) nó ó aon chiontú in éagmais dlí (Airteagal 7).

38 Tugtar le fios le húsáid an fhrása dhobhriathartha ‘go háirithe’, in Airteagal 9(1)(a) den Treoir sin, gur comhartha é an tagairt a dhéantar in Airteagal 15(2) de ECHR agus léirítear leis an leibhéal tromchúise atá ag teastáil chun gníomh a cháiliú mar ‘g(h)níomh géarleanúna’ de réir bhrí Airteagal 1(A) de Choinbhinsiún na Ginéive (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2012, Y agus Z, C-71/11 agus C-99/11, EU:C:2012:518, mír 57).

39 Ceadaítear le hAirteagal 9(1)(b) de Threoir 2011/95, dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ‘gníomh géarleanúna’ a cháiliú mar charnadh bearta éagsúla, lena n-áirítear sáruithe ar chearta an duine atá tromchúiseach go leor chun difear a dhéanamh do dhuine aonair ar bhealach atá cosúil leis an mbealach a leagtar amach in Airteagal 9(1)(a) den Treoir sin.

40 Is léir ó na forálacha sin gurb ionann sárú ar cheart an duine agus géarleanúint de réir bhrí Airteagal 1(A) de Choinbhinsiún na Ginéive, ní mór go mbainfidh sé leibhéal áirithe tromchúise amach (breithiúnas an 19 Samhain 2020, Bundesamt für Migration und Flüchtlinge (Seirbhís mhíleata agus tearmann),C-238/19, EU:C:2020:945, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear). Tá an leibhéal tromchúise sin inchomparáide do gach toimhde dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2011/95.

41 Maidir le hAirteagal 9(1)(b) den Treoir sin, go sonrach, ní mór a mheas go bhfuil leibhéal tromchúise den sórt sin bainte amach, go háirithe, i gcás, ina n-iomláine, ina ndéantar roinnt sáruithe ar chearta nach gá gurb ionann iad agus cearta nach féidir aon mhaolú a dhéanamh orthu, i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de ECHR, lena mbaintear an bonn d’urraim iomlán do dhínit an duine, mar a chumhdaítear in Airteagal 1 den Chairt, a bhféachtar go sainráite lena áirithiú le Treoir 2011/95, mar is léir ó aithris 16 di.

42 Sa chás seo, mar a léiríonn an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i mír 54 dá Thuairim, níl aon amhras ann, gan beann ar an gcos ar bolg a chuirtear ar mhná na hAfganastáine i gcás nach gcomhlíonfaí na ceanglais arna nglacadh ag réimeas an Talaban – a d’fhéadfadh a bheith ina ngníomhartha géarleanúna amháin, de réir bhrí Airteagal 9(1) de Threoir 2011/95 –, sroicheann na bearta idirdhealaitheacha dá ndéanann an chúirt a rinne an tarchur tagairt an leibhéal tromchúise atá ag teastáil, ó thaobh déine agus éifeacht charnach de agus ó thaobh na n-iarmhairtí a bhaineann leo don bhean lena mbaineann.

43 Ar thaobh amháin, ní mór cuid de na bearta sin a cháiliú mar ‘ghníomhartha géarleanúna’ de réir bhrí Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2011/95. Is amhlaidh atá, chomh maith, maidir le pósadh éigeantais, rud atá comhionann le cineál sclábhaíochta, a thoirmisctear le hAirteagal 4 ECHR agus an t-easpa cosanta in aghaidh an fhoréigin ar bhonn inscne agus an fhoréigin teaghlaigh, arb ionann iad agus cineálacha íde atá mídhaonna agus táireach a thoirmisctear le hAirteagal 3 de ECHR.

44 Ar an taobh eile, má ghlactar leis, maidir leis na bearta idirdhealaitheacha in aghaidh na mban lena gcuirtear srian ar rochtain ar shaoráidí cúraim sláinte, ar an saol polaitiúil agus ar an oideachas agus ar ghníomhaíocht ghairmiúil nó spóirt a fheidhmiú, ná lena gcuirtear bac ar an tsaoirse chun teacht agus imeacht nó lena mbaintear an bonn den tsaoirse iad féin a ghléasadh, nach ionann iad agus sárú atá tromchúiseach go leor ar cheart bunúsach de réir bhrí Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2011/95, bíonn tionchar acu ar mhná ar bhealach go sroicheann siad an leibhéal

tromchúise atá ag teastáil chun a bheith ina ngníomhartha géarleanúna de réir bhrí Airteagal 9(1)(b) den Treoir sin. Go deimhin, mar a mheabhraíonn an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i míreanna 56 go 58 dá Thuairim, mar thoradh ar a n-éifeacht charnach agus a gcur i bhfeidhm d'aon ghnó agus go córasach, leis na bearta sin, déantar cearta bunúsacha a bhaineann le dínit an duine mar gheall ar a ngnéas a shéanadh go follasach agus go fíochmhar ar mhná na hAfganastáine. Léirítear leis na bearta sin bunú eagraíocht shóisialta atá bunaithe ar chóras deighilte agus leatroim ina dhéantar mná a eisiamh ón tsochaí shibhialta agus ina dhiúltaítear dóibh an ceart chun saol laethúil díniteach a bheith acu ina dtír thionscnaimh.

45 Cuirtear treise lena leithéid de léiriú le hAirteagal 9(2) de Threoir 2011/95 lena n-áirítear liosta táscach de ghníomhartha géarleanúna, de réir bhrí Airteagal 9(1) den Treoir sin, lena n-áirítear, go háirithe faoi mhíreanna (a), go (c) agus (f) den mhír sin, gníomhartha foréigin fhisicigh nó mheabhrach, lena n-áirítear gníomhartha foréigin ghnéasaigh, bearta dlíthiúla, riaracháin, póilíneachta agus/nó breithiúnacha atá idirdhealaitheach iontu féin nó a chuirtear chun feidhme ar bhealach idirdhealaitheach, ionchúiseamh nó pionós díréireach nó idirdhealaitheach agus gníomhartha a bhaineann go sonrach le hinscne.

46 I bhfianaise na mbreithnithe thuasluaite go léir, is é an freagra atá le tabhairt ar an gcéad cheist nach mór léiriú a dhéanamh ar Airteagal 9(1)(b) de Threoir 2011/95 sa chaoi go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'gníomh géarleanúna' carnadh beart idirdhealaitheach i gcoinne na mban, arna nglacadh nó arna seasamh ag 'gníomhaí géarleanúna', de réir bhrí Airteagal 6 den Treoir sin arb é atá ann, *inter alia*, an chosaint dhlíthiúil go léir ar fhoréigean inscnebhunaithe, foréigean teaghlaigh agus pósadh éigeantais a bhaint díobh, oibleagáid a chur orthu iad féin a chumhdach go hiomlán leis an gcorp agus aghaidh a thabhairt orthu, rochtain ar chúram sláinte agus saoirse chun dul agus teacht a shrianadh, toirmeasc a chur orthu gníomhaíocht ghairmiúil a fheidhmiú nó srian a chur ar a bhfeidhmiú, toirmeasc a chur orthu rochtain a fháil ar oideachas agus spórt a chleachtadh agus iad a eisiamh ón saol polaitiúil, ar choinníoll go mbaineann na bearta sin, trína n-éifeacht charnach, an bonn den urraim do dhínit an duine, mar a ráthaítear le hAirteagal 1 den Chairt.

An dara ceist

47 Leis an dara ceist uaithi, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, ar cheart Airteagal 4(3) de Threoir 2011/95 a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar an údarás inniúil náisiúnta, d'fhonn a chinneadh, agus na himthosca i dtír thionscnaimh mná tráth a dhéantar measúnú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, an gníomhartha géarleanúna iad na bearta idirdhealaitheacha a bhfuil nó a bhféadfadh bean a bheith nochta dóibh sa tír sin, de réir bhrí Airteagal 9(1) den Treoir sin, a chur san áireamh, i gcomhthéacs an mheasúnaithe aonair ar an iarratas sin, de réir bhrí Airteagal 2(h) den Treoir sin, gnéithe a bhaineann go sonrach lena cúinsí pearsanta seachas na cinn a bhaineann lena gnéas nó lena náisiúntacht.

48 Faoi Airteagal 4 de Threoir 2011/95, ní mór gach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, i bprionsabal, a mheas ar bhonn aonair (féach, go háirithe, breithiúnais an 7 Samhain 2013, X agus páirtithe eile, C-199/12 go C-201/12, EU:C:2013:720, mír 73; an 25 Eanáir 2018, F, C-473/16, EU:C:2018:36,, mír 41 agus an 19 Samhain 2020, Bundesamt für Migration und Flüchtlinge (Seirbhís mhíleata agus tearmann), C-238/19, EU:C:2020:945, mír 23).

49 I gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Treoir sin, ní mór an measúnú aonair, arna dhéanamh ag na húdaráis náisiúnta inniúla, faoin gceist an bhfuil bunús maith leis an eagla roimh ghéarleanúint arna léiriú ag iarratasóir, go ndéantar é de réir an cháis go hairdealleach críonna, ar bhonn

measúnú nithiúil ar na fíorais agus na himthosca agus ar a mbonn amháin, ar mhaithe le fionnadh an bhfuil na fíorais agus na himthosca arna suíomh ina mbagairt a d'fhéadfadh a bheith ina húdar eagla ag an duine lena mbaineann, i bhfianaise a cháis aonair, go ndéanfaí gníomhartha géarleanúna go hiarbhír air i gcás a fhillte ar a thír thionscnaimh (Féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Eanáir 2024, Intervyuirasht organ na DAB pri MS (íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban), C-621/21, EU:C:2024:47, mír 60 agus an 11 Meitheamh 2024, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid ((Mná a thacaíonn le luach an chomhionannais inscne), C-646/21, EU:C:2024:487, mír 59).

50 Leis an bhforáil sin, déantar na gnéithe a chuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla san áireamh a liostú agus measúnú ar bhonn aonair á dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Ina measc, is ann d'fhíorais ábhartha maidir leis an tír dhúchais nuair a dhéantar cinneadh maidir le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta, an stádas aonair agus cúinsí pearsanta an iarratasóra, lena n-áirítear a leithéid de chúlra, inscne agus aois.

51 Cé go bhfuil Airteagal 4 de Threoir 2011/95 infheidhme maidir le gach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, gan beann ar na cúiseanna le géarleanúint a luaitear chun tacú leis na hiarratais sin, is faoi na húdaráis inniúla atá sé, mar sin féin, na socruithe maidir le measúnú a dhéanamh ar ráitis agus ar fhianaise dhoiciméadach nó eile a oiriúnú i bhfianaise shaintréithe gach catagóire iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, i gcomhréir leis na cearta a ráthaítear leis an gCairt (breithiúnais an 2 Nollaig 2014, A agus páirtithe eile, C-148/13 à C-150/13, EU:C:2014:2406, mír 54 agus an 25 Eanáir 2018, F, C-473/16, EU:C:2018:36, mír 36).

52 Thairis sin, ceanglaítear le hAirteagal 10(3)(b) de Threoir 2013/32 ar na Ballstáit a áirithiú, ar an gcéad dul síos, go ndéanfar cinntí maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta tar éis scrúdú iomchuí inar bailíodh faisnéis bheacht chothrom le dáta ó fhoinsí éagsúla, amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), a tháinig i gcomharbacht ar EASO agus UNHCR agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla maidir le cearta an duine, i ndáil leis an staid ghinearálta atá ann i dtíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí. Ar an taobh eile, ceanglaítear leis an bhforáil sin go mbeadh rochtain ar an bhfaisnéis sin ag na baill foirne a scrúdaíonn na hiarratais sin agus a dhéanann cinntí fúthu (breithiúnas an 11 Meitheamh 2024, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Mná a thacaíonn le luach an chomhionannais inscne), C-646/21, EU:C:2024:487, mír 60).

53 Chuige sin, mar is léir ó mhír 36(x) de Threoirlínte UNHCR maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Uimh. 1, i ndáil le géarleanúint atá inscnebhunaithe i gcomhthéacs Airteagal 1(A)(2) de Choinbhinsiún na Ginéive, ní mór do na húdaráis náisiúnta inniúla faisnéis a bhailiú maidir leis an tír thionscnaimh atá ábhartha don scrúdú ar iarratais arna ndéanamh ag mná ar stádas dídeanaí, amhail cás na mban sin faoin dlí, a gcearta polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta, gnásanna cultúrtha agus sóisialta na tíre agus na hiarmhairtí i gcás nach gcomhlíontar na gnásanna sin, minicíocht na gcleachtas traidisiúnta díobhálach, an tionchar a imrítear le foréigin a thuairiscítear in aghaidh na mban agus foirmeacha an fhoréigin sin, an chosaint a chuirtear ar fáil dóibh, na pionóis á dtabhú acu siúd a dhéanann a leithéid d'fhoréigean, chomh maith leis na rioscaí á dtabhú ag bean i gcás a fillte ar a tír thionscnaimh i ndiaidh di a leithéid d'iarratas a dhéanamh (breithiúnais an 16 Eanáir 2024, Intervyuirasht organ na DAB pri MS (Mná is íospartaigh foréigin teaghlaigh), C-621/21, EU:C:2024:47, mír 61 agus an 11 Meitheamh 2024, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Mná a thacaíonn le luach an chomhionannais inscne), C-646/21, EU:C:2024:487, mír 61).

54 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go nglactar leis, leis an gceanglas chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar bhonn aonair, go n-oiriúnaíonn na húdaráis náisiúnta inniúla na modhanna lena ndéantar measúnú ar na fíorais agus ar an bhfianaise ag brath ar imthosca agus saintréithe sonracha gach iarratais.

55 Thairis sin, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir 2011/95, go bhféadfaidh na Ballstáit caighdeáin níos fabhraí a ghlacadh nó a choinneáil, arb é atá iontu, go háirithe, maolú ar na coinníollacha maidir le stádas dídeanaí a dheonú, ar choinníoll nach mbaineann na caighdeáin sin an bonn de scéim ghinearálta ná de chuspóirí na Treorach sin (féach, i ndáil leis sin, breithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2018, Ahmedbekova, C-652/16, EU:C:2018:801, míreanna 70 agus 71, agus an 9 Samhain 2021, Bundesrepublik Deutschland (Aontacht Teaghlaigh a Chaomhnú), C-91/20, EU:C:2021:898, míreanna 39 agus 40).

56 Sa chás seo, tháinig EUAA ar an gconclúid, ag mír 3.15 dá tuarascáil faisnéise dar teideal ‘Country guidance: Afghanistan’, arna dátú mí Eanáir 2023 go bhfuil ann, go ginearálta, d’fhaitíos roimh ghníomhartha géarleanúna a bhfuil bunús maith leis, de réir bhrí Airteagal 9 de Threoir 2011/95, ar mhná agus ar chailíní na hAfganastáine, i bhfianaise na mbeart arna nglacadh ag réimeas an Talaban ó 2021 i leith. Ar an gcaoi chéanna, i gcomhthéacs an cháis seo, tugann UNHCR le fios, ina ráiteas maidir leis an gcoincheap ‘géarleanúint’ mar gheall ar charnadh beart i bhfianaise staid reatha na mban agus na gcailíní san Afganastáin, a eisíodh an 25 Bealtaine 2023, go bhfuil ann do thoimhde go ndéanfaí stádas dídeanaí a aitheant i ndáil do mhná agus cailíní de chuid na hAfganastáine, i bhfianaise na ngníomhartha géarleanúna arna ndéanamh ag an Talaban ina gcoinne, mar gheall ar a n-inscne amháin.

57 Sna himthosca sin, maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna dtaisceadh ag mná ar náisiúnaigh de chuid na hAfganastáine iad, féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta a mheas nach gá a shuíomh i ndáiríre, le linn measúnú ar bhonn aonair ar staid iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta, go bhfuil sí i mbaol iarbhír agus go sonrach a bheith faoi réir gníomhartha géarleanúna má fhilleann sí ar a tír thionscnaimh, ar choinníoll go suitear na heilimintí a bhaineann lena stádas aonair, amhail a náisiúntacht ná a gnéas.

58 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, is é an freagra atá le tabhairt ar an dara ceist nach mór Airteagal 4(3) de Threoir 2011/95 a léiriú sa chaoi nach gceanglaítear leis ar an údarás inniúil náisiúnta, agus na himthosca i dtír thionscnaimh mná tráth a dhéantar measúnú ar a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta, d’fhonn a chinneadh an gníomhartha géarleanúna iad na bearta idirdhealaitheacha a bhfuil nó a bhféadfadh bean a bheith nochta dóibh ina tír sin, de réir bhrí Airteagal 9(1) den Treoir sin, i gcomhthéacs an mheasúnaithe aonair ar an iarratas sin, de réir bhrí Airteagal 2(h) den Treoir sin, gnéithe a bhaineann go sonrach lena cúinsí pearsanta seachas na cinn a bhaineann lena gnéas nó lena náisiúntacht a chur san áireamh.

Costais

59 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 9(1)(b) de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011, maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   Cumhdaítear leis an gcoincheap 'gníomh géarleanúna' carnadh beart idirdhealaitheach i gcoinne na mban, arna nglacadh nó arna seasamh ag 'gníomhaí géarleanúna', de réir bhrí Airteagal 6 den Treoir sin, arb é atá ann, *inter alia*, an chosaint dhlíthiúil go léir ar fhoréigean inscnebhunaithe, foréigean teaghlaigh agus pósadh éigeantais a bhaint díobh, oibleagáid a chur orthu iad féin a chumhdach go hiomlán leis an gcorp agus aghaidh a thabhairt orthu, rochtain ar chúram sláinte agus saoirse chun dul agus teacht a shrianadh, toirmeasc a chur orthu gníomhaíocht ghairmiúil a fheidhmiú nó srian a chur ar a bhfeidhmiú, toirmeasc a chur orthu rochtain a fháil ar oideachas agus spórt a chleachtadh agus iad a eisiamh ón saol polaitiúil, ar choinníoll go mbaineann na bearta sin, trína n-éifeacht charnach, an bonn den urraim do dhínit an duine, mar a ráthaítear le hAirteagal 1 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. **Maidir le hAirteagal 4(3) de Threoir 2011/95**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   Ní cheanglaítear leis ar an údarás inniúil náisiúnta, agus na himthosca i dtír thionscnaimh mná tráth a dhéantar measúnú ar a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta, d'fhonn a chinneadh an gníomhartha géarleanúna iad na bearta idirdhealaitheacha a bhfuil nó a bhféadfadh bean a bheith nochta dóibh ina tír sin, de réir bhrí Airteagal 9(1) den Treoir sin, a chur san áireamh, i gcomhthéacs an mheasúnaithe aonair ar an iarratas sin, de réir bhrí Airteagal 2(h) den Treoir sin, gnéithe a bhaineann go sonrach lena cúinsí pearsanta seachas na cinn a bhaineann lena gnéas nó lena náisiúntacht a chur san áireamh.

Sínithe